

Cibearbhulaíocht

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi chibearbhulaíocht i measc na n-óg.



Sula bhféachann tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat plé a dhéanamh ar aon chur amach atá agaibh ar chibearbhulaíocht.

Ceist 2 Ceangail na focail Ghaeilge leis na focail Bhéarla.

- | | |
|----------------------|---------------------------------|
| 1. research | a. <i>forleathan</i> |
| 2. more common | b. <i>clós scoile</i> |
| 3. risk | c. <i>taighde</i> |
| 4. many a danger | d. <i>sábháilteacht ar líne</i> |
| 5. widespread | e. <i>tuilleadh eolais</i> |
| 6. school yard | f. <i>buartha</i> |
| 7. safety on line | g. <i>is iomaí contúirt</i> |
| 8. organisation | h. <i>níos coitianta</i> |
| 9. worried | i. <i>eagraíocht</i> |
| 10. more information | j. <i>baol</i> |

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.

Ceist 3 Féach ar an tuairisc den dara huair agus abair an bhfuil na ráitis seo fíor nó bréagach:

1. Tá an t-idirlíon contúirteach do dhaoine óga, anois agus iad ag úsáid ríomhairí agus fóin phóca go rialta.
2. Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe a d'fhoilsigh an taighde.
3. Dúirt 20% de dhaoine óga (idir 9 mbliana agus 16 bliana déag) go ngoilleann cuid den ábhar a fheiceann siad ar líne orthu.
4. Ní raibh fadhb ar bith cibearbhulaíochta ann trí bliana ó shin.
5. Tá bulaíocht sa chlós scoile níos coitianta ná cibearbhulaíocht.

6. Tá an t-ábhar a d'fhoilsigh www.webwise.ie dírithe ar thuismitheoirí páistí bunscoile.
7. Deir daltaí scoile go gcaithfidh daoine óga a bheith níos oscailte faoi fhadhbanna cibearbhulaíochta.

Ceist 4 An Modh Ordaitheach

1. Féach ar na treoracha ar fad atá sa cheacht seo agus cuir líne faoi na briathra atá ag tabhairt orduithe.
2. Tabhair orduithe don duine in aice leat, ag baint úsáide as na briathra thíos:
 - abair, cuir, féach, dún, aimsigh, críochnaigh
3. Ach cad a tharlaíonn nuair is gá ordú a thabhairt do níos mó ná duine amháin? Féach ar an mbosca seo thíos.

Ansín cuir na briathra faoi Cheist 2 sa mhodh ordaitheach, iolra.

An chéad réimniú		An dara réimniú	
leathan	caol	leathan	caol
-aigí	-igí	-aigí	-igí

4. Conas a déarfá le duine gan rud a dhéanamh? Féach ar an sampla seo: *Ná déan é sin!*

Cad faoi na briathra i gCeist 2 arís? Scríobh amach an fhoirm dhiúltach de na briathra sin anois.

Tá dhá cheann de na briathra éagsúil ó na cinn eile san fhoirm dhiúltach, cad iad?

Ceist 5 ‘...níos coitianta...’

Líon na bearnaí sa cholún ar dheis leis an bhfoirm cheart den aidiacht.

Aidiacht	Tar éis <i>níos</i> agus <i>is</i>
Buí	<i>Níos buí, is buí</i>
Saor	
Meicniúil	
Contúirteach	
Cumhachtach	
Imníoch	
Deacair	

Cad faoi na cinn seo: *beag, mór, deas, maith, olc agus álainn*

Ceist 6

Pléigh na ceistanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Cad atá i gceist le cibearbhulaíocht?
2. Cad iad na suíomhanna gréasáin is mó a dtugann tú féin cuairt orthu. Cén fáth?
3. Cén réiteach atá ar fhadhb na cibearbhulaíochta, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Plé atá i gceist leis an gceist seo.

Ceist 2

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10
c	h	j	g	a	b	d	i	f	e

Ceist 3

1. Fíor.
2. Bréagach. Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath.
3. Fíor.
4. Bréagach. Ní deirtear nach raibh aon chibearbhulaíocht ann, ach tá méadú 100% tagtha ar na daoine óga a deir go gcuireann cuid den ábhar a fheiceann siad ar an idirlíon isteach orthu.
5. Bréagach. A mhalairt atá i gceist.
6. Bréagach. Tá sé dírithe ar na páistí féin.
7. Fíor.

Ceist 4

1. Féach, ceangail, abair, tabhair agus cuir.

2. Mar shampla:

Abair gur duine iontach mé!
Cuir do leabhar i do mhála.
Féach amach an fhuinneog.
Dún do chóipleabhar.
Aimsigh sampla den tuiseal ginideach.
Críochnaigh an abairt sin.

3. An Modh Ordaitheach san iolra.

An chéad réimniú		An dara réimniú	
leathan	caol	leathan	caol
dúnaigí abraigí féachaigí	cuirigí	críochnaigí	aimsígí

4. Ná dúnaigí, ná habraigí, ná féachaigí, ná cuirigí, ná críochnaigí, ná haimsígí.

Tosaíonn na briathra le líne fúthu le gutaí agus cuirtear **h** ag tús na mbriathra tar éis **ná** dá bharr sin.

Ceist 5

Aidiacht	Tar éis <i>níos</i> agus <i>is</i>
Buí	Níos/ Is buí
Saor	Níos/ Is saoire
Meicniúil	Níos/ Is meicniúla
Contúirteach	Níos/ Is contúirtí
Cumhachtach	Níos/ Is cumhachtaí
Imníoch	Níos/ Is imníche
Deacair	Níos/ Is deacra

Beag: níos lú/ is lú
Mór: níos mó/ is mó
Deas: níos deise/ is deise
Maith: níos fearr/ is fearr
Olc: níos measa/ is measa
Álainn: níos áille/ is áille

Ceist 6

Is féidir gach grúpa a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceistanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Fáilte ar ais. Léiríonn taighde nua faoin úsáid a bhaineann páistí as an idirlíon go bhfuil ábhar feicthe ar líne ag níos mó agus níos mó páistí a ghoill orthu. Léiríonn an taighde freisin go bhfuil cibearbhulaíocht níos coitianta anois ná aon chineál eile bulaíochta. Molann lucht taighde do thuismitheoirí labhairt go hoscailte lena bpáistí faoin mbaol a bhaineann le bheith ar líne.

Áis iontach lárnach dár saolta é an t-idirlíon ach is iomaí contúirt atá ann freisin. Go mórmhór do dhaoine óga atá anois ag úsáid an idirlín¹ go forleathan ar ríomhairí agus ar fhóin phóca². Léiríonn taighde nua ó Institiúid Teicneolaíochta³ Bhaile Átha Cliath go ndeireann⁴ fiche faoin gcéad de dhaoine óga, idir naoi mbliana agus sé bliana déag, go bhfaca siad rud a chuir as dóibh ar líne le bliain anuas. Méadú céad faoin gcéad é sin ar shuirbhé eile a rinneadh trí bliana ó shin. Léiríonn an taighde freisin go bhfuil bulaíocht ar líne anois níos coitianta ná bulaíocht sa chlós scoile. In iarracht aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna seo tá ábhar cúrsa nua faoi shábháilteacht ar líne foilsithe ag an eagraíocht www.webwise.ie, atá dírithe ar pháistí⁵ bunscoile i rang a cúig agus i rang a sé.

Emily Ní Loinsigh, www.webwise.ie

Tá sé ag tosú níos luaithe agus tá na páistí ag dul ar an idirlíon nuair a bhíonn siad seacht nó ocht mbliana d'aois. Tá orainn a bheith ag caint faoin idirlíon agus faoin gcibearbhulaíocht⁶ sna ranganna, go mbeidh siad réidh nuair a bhíonn fadhbanna ann.

Joe Mag Raollaigh

Ag an ócáid seolta inniu bhí daltaí scoile ó ar fud na tíre ag cur síos ar an méid a dhéanann siad féin ina scoileanna féin le déileáil le fadhbanna ar líne. Agus deireann siadsan go gcaithfidh daoine óga labhairt amach má bhíonn siad buartha faoi rud ar bith, go mórmhór nuair a bhíonn bulaíocht ar líne i gceist.

Grace O'Connor, Coláiste na Toirbhirte, Ceatharlach

Níl tú in ann dul abhaile agus...*like* tá sé fós ... tá sé fós ar líne, tá sé *like* an lá ar fad bíonn bulaíocht ar siúl mar tá sé ar líne agus níl tú in ann *like* rith as.

Joe Mag Raollaigh

Tá tuilleadh eolais le fáil ó www.webwise.ie. Joe Mag Raollaigh, Nuacht TG4 i mBaile Átha Cliath.

¹ na hidirlíne a deirtear

² ar fóin phóca a deirtear

³ Theicneolaíochta a deirtear

⁴ go ndeir atá sa Chaighdeán Oifigiúil

⁵ ar páistí a deirtear

⁶ faoin cibearbhulaíocht a deirtear